


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Gnóthaí Acadúla |
| **Scoil \| Aonad** | Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD |
| **Teideal an Phoist agus Limistéar Ábhair** *(más ábhartha)* | Teiripeoir Saothair |
| **Tréimhse an Phoist** | Téarma Seasta Sealadach Suas go dtí an 1 Meitheamh 2026 (Agus Painéal 12 Mhí do róil Shealadacha) |
| **Grád** | Oifigeach Riaracháin II |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Clár - Leibhéal Gairme 3 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2020-12-044 |
| **Bainisteoir Líne** | Stiúrthóir um Rochtain agus um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil nó Ainmní |
| **Uimhir Thagartha na hIomaíochta** | 019505 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Arianna Eady |

## Achoimre ar an bPost:

Is é ról Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD (ALL) ná tacú leis an Ollscoil feidhmiú mar phobal scolártha éagsúil agus ionchuimsitheach. Mar chuid dár seirbhís tacaíochta do scoláirí faoi mhíchumas féadfar scoláirí a atreorú chun saintacaíocht a fháil ó Theiripeoir Saothair. Glacfar leis an sealbhóir poist mar bhall den fhoireann ghinearálta Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus éascóidh siad tacaíocht, coinneáil agus dul chun cinn scoláirí faoi ghannionadaíocht trí raon ionchuir agus idirghabhálacha. Beidh freagracht shonrach ar an sealbhóir poist as cur chuige Teiripe Saothair atá ar ardchaighdeán, duinelárnach agus gairmdhírithe i ndáil le scoláirí faoi mhíchumas. Chomh maith leis sin, cabhróidh an Teiripeoir Saothair leis an bhfoireann ghinearálta chun measúnuithe ar riachtanais oideachais a dhéanamh agus chun Socruithe Réasúnta a chur ar fáil do scoláirí atá ag clárú do thacaíocht mhíchumais. Oibreoidh an Teiripeoir Saothair laistigh de sheirbhís fhianaisebhunaithe, áit a mbaintear tairbhe as an tSamhail Duine-Timpeallacht-Gairm. Soláthrófar Maoirseacht Chliniciúil agus oiliúint chuí.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Cabhrú leis an Oifigeach Míchumais chun seirbhís tacaíochta a chur ar fáil do scoláirí faoi mhíchumas.
- Seirbhís teiripe saothair atá dírithe ar scoláirí, rúnda agus gairmdhírithe a chur ar fáil do scoláirí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu agus/nó deacrachtaí fisiciúla/céadfacha in UCD, agus cuir chuige idirghabhála bunaithe ar mheasúnú a chur ar fáil, ar bhonn duine le duine agus ar bhonn grúpa.
- Cleachtas fianaisebhunaithe a chomhtháthú agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar an tseirbhís.
- Líon na scoláirí faoi mhíchumas atá atreoraithe chun tacaíocht Teiripe Saothair a fháil ón Oifigeach Míchumais agus óna n-ainmní a bhainistiú.
- Riachtanais scoláirí a shainaithint agus cuir chuige ghrúpa agus aonair a fhorbairt mar fhreagairt do na riachtanais shainaitheanta sin.
- Comhoibriú le scoláirí maidir le spriocanna a shonrú agus le hidirghabhálacha.
- Gach measúnú, idirghabháil agus plean a dhoiciméadú i gcomhar leis an scoláire.
- Comhoibriú le scoláirí, le foireann UCD agus le heagraíochtaí seachtracha le pleanáil idirghabhála agus le tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil.
- Freastal ar sheisiúin mhaoirseachta leis an Maoirseoir Cliniciúil chun líon na gcás scoláirí agus na cuir chuige a úsáidtear a phlé.
- Oibriú laistigh de scóip chleachtas Teiripe Saothair na hÉireann agus de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta atá bunaithe laistigh de UCD.
- Caighdeáin ghairmiúla a chomhlíonadh i ndáil le rúndacht, eitic agus reachtaíocht.

- An próiseas um Measúnú Riachtanas a chur i gcrích le scoláirí atá ag clárú le haghaidh tacaíochta míchumais chun Socruithe Réasúnta agus tacaíochtaí oiriúnacha a bhunú.
- Scoláirí a atreorú chuig tacaíochtaí agus acmhainní oiriúnacha laistigh de Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD agus timpeallacht níos leithne an choláiste.
- Tionscadail taighde agus tionscadail eile a ghiniúint agus cur leo de réir mar a threoróidh an tOifigeach Míchumais nó a n-ainmní.
- Cabhrú leis an bhfoireann teagaisc agus le baill foirne chun socruithe a chur ar fáil do scoláirí faoi mhíchumas lena n-áirítear oiliúint a dhearadh agus a sholáthar de réir mar is cuí.
- Ceardlanna agus cláir a dhearadh agus a chur ar fáil do scoláirí chun cabhrú leo chun na scileanna a fhorbairt atá riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh sa choláiste.
- Fiosrúcháin ghinearálta a fhaightear ón bhfoireann agus ó scoláirí trí ríomhphost, teileafón agus go pearsanta a fhreagairt.
- Aird Teiripeoirí Saothair breise a tharraingt ar ghnéithe oibriúcháin na seirbhíse agus cásanna a leithdháileadh.
- Cibé dualgais eile a chinnfidh agus a threoróidh an Stiúrthóir um Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil nó a n-ainmní a chur i gcrích.
- De réir mar a leanann Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD ag leathnú agus ag forbairt, is dócha go mbeidh gá le solúbthacht maidir le leithdháileadh dualgas ar leith. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe go mbeidh liosta na ndualgas a shonraítear thuas eisiach nó sriantach; féadfar dualgais a chur leis nó a tharraingt siar de réir mar is gá.

**95 Oifigeach Riaracháin Ii_2010 (0173_X) Scála Tuarastail: €51,999 - €66,464 in Aghaidh na Bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir Threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis maidir le pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Tá tuilleadh eolais maidir le hÉagsúlacht le fáil ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creat Cnuasach Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den Chnuasach Poist agus tagann sé le Leibhéal Gairme 3. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus príomhinniúlachtaí a ndéantar cur síos orthu sa Chreat Cnuasach Poist le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- Beidh cáilíocht Teiripe Saothair acu, beidh siad cláraithe le CORU (a rialaíonn Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta) agus beidh taithí acu ar an tsamhail duine-timpeallacht-gairme a úsáideann Teiripeoirí Saothair san earnáil ardoideachais.
- Taithí ghairmiúil 2-3 bliana ar a bheith ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal
- Bunchéim nó a comhionann
- Ní mór go léireodh iarrthóirí feasacht ar an gclár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Inniúlachta 2)**: Eolas maith ar bhainistíocht sonraí dea-chleachtais agus ar chleachtais rialachais sonraí.

- **Athléimneacht Oibriúcháin (Leibhéal Inniúlachta 2):** Cumas maith neart agus feidhmíocht a choimeád i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú.
- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Inniúlachta 2):** Cumas maith chun tacaíocht agus treoir a thabhairt do scoláirí, don fhoireann teagaisc agus do bhaill foirne, agus taithí agus inniúlacht i ndáil le seirbhísí tacaíochta eile agus cathain iad a chur i bhfeidhm.
- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas maith eolas, scileanna agus breithiúnas teicniúil a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus a fheabhsú le toradh a bhaint amach nó le tascanna a chur i gcrích go héifeachtach nó chun feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Caidreamh a fhorbairt (Leibhéal Inniúlachta 2):** Neart taithí ar a bheith ag obair mar bhall foirne agus an cumas a bheith ag obair le foirne éagsúla ag an am céanna.
- **Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 3):** Scileanna riaracháin, eagrúcháin agus cumarsáide den scoth. Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide an-éifeachtach, le cumas inléirithe comhoibriú le daoine laistigh agus lasmuigh den ollscoil agus caidreamh éifeachtach a chothú leo.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Inniúlachta 2):** Cumas agus taithí shuntasach ar phróisis athbhreithnithe agus ar fheabhsú leanúnach seirbhíse.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú (Leibhéal Inniúlachta 2):** Mioneolas ar an raon socruithe réasúnta agus tacaíochtaí atá ar fáil, agus úsáid oiriúnach a bhaint as a leithéid sin de shocruithe agus de thacaíochtaí. Eolas ar dhearadh uilíoch, inrochtaineacht agus teicneolaíocht chúnta. Eolas ar na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht a leathnú do gach grúpa atá faoi ghannionadaíocht.
- **Bainistíocht Tionscadal (Leibhéal Inniúlachta 1:** Neart taithí ar anailís a dhéanamh ar cheisteanna casta, tuarascálacha a dhréachtú, cuir i láthair a dhéanamh agus cur le tionscadail.
- **An Cumas Oibriú as do Stuaim Féin (Leibhéal Oilteachta 3):** Sárchumas gníomhú as do stuaim féin agus a bheith réamhghníomhach maidir le deiseanna agus réitigh a aithint. Taithí ar ualach oibre a eagrú in ord tosaíochta chun spriocdhátaí iomaíocha a chomhlíonadh agus ar ualach oibre casta a bhainistiú.
- **Béim ar Sheirbhís agus Nuálaíocht (Leibhéal Inniúlachta 3):** Sárchumas agus sárthuiscint ar riachtanais éagsúla scoláirí agus ar an gcumas chun tionchar oideachais atá ag míchumas scoláire a mheas. An cumas obair a bhaineann le hábhar rúnda a chur i gcrích go discréideach; agus na caighdeáin ghairmiúla is airde a chinntiú de réir prótacal Cosanta Sonraí.
- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Inniúlachta 1):** Eolas maith ar bheartais agus ar nósanna imeachta ollscoile. Eolas ar reachtaíocht ábhartha agus ar a cur chun feidhme (e.g. an tAcht um Míchumas, 2005, an tAcht um Stádas Comhionann, 2000 - 2008)

Inmhianaithe:

- Taithí shuntasach de bheith ag obair le scoláirí ollscoile nó i suíomh oideachais.
- Taithí de bheith ag obair le raon grúpaí atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas.
- Solúbtha i ndáil le roinnt tosaíochtaí agus buaicphointí séasúracha in ualach oibre na Seirbhíse a bhainistiú

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/all/ |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | http://www.ucd.ie/innovation/aboutus/ucdstrategyforresearchinnovationandimpact/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |